# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Aitheantóir TUSLA:** | TU2015DL098 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra Ghort a Choirce |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | An Scoil Bheag, Gort A Choirce, Leitir Ceanainn, Co. Dún na nGall |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | F92 Y44Y |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Cláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Cineál na seirbhíse:** | Lá Iomlán, Páirtaimseartha, Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 02/07/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 29 | PM | 26 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta::** | Cigireacht Luathbhlianta Dhún na nGall<br>Campas Naomh Conaill,<br>Leitir Ceanainn,<br>Co. Dhún na nGall<br>F95 XK94 |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | L Mc Glynn |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| **An tÚdarás chun Cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna chur isteach ag Alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha más infheidhme** | Neamhbhainteach |

# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil



## Cur síos ar an tseirbhís

Tá Naíonra Ghort an Choirce lonnaithe i lár sráidbhaile Ghort an Choirce ar chósta iarthar Dhún na nGall. Soláthraíonn an tseirbhís cúram réamhscoile lán iomlán, páirt aimseartha agus seisiúnach fríd mheán na Gaeilge do pháistí ó 1 go 6 bliana d'aois. Bíonn an tseirbhís ar siúl idir 7.45am agus 6.00pm gach lá sa tseachtain oibre. Tá dhá sheisiún réamhscoile seisiúnach i bhfeidhm sa tseirbhís. Tá Naíonra a haon cláraithe ó 9.15am - 12.15pm agus Naíonra a dó cláraithe ó 9.30am - 12.30pm le linn na scoilbhliana. Tá an tseirbhís lonnaithe i bhfoirgneamh aon stór a tógadh le sainchuspóir. Tá trí sheomra cúraim, seomra don naíolann, naíonra a haon agus naíonra a dó. Tá áiseanna sláintíochta do leanaí ar fáil in aice le gach seomra le háiseanna le haghaidh athrú clúidíní agus áiseanna codlata suite in aice le seomra na naíonra chun freastal ar na leanaí is óige. Tá cistin ainmnithe, oifig, stóras agus áiseanna sláintíochta do dhaoine fásta ar an láthair freisin. Tá rochtain ag páistí do dhá achar súgartha lasmuigh ar an suíomh.

## Soláthar Foirne

Tá 21 ball foirne fostaithe chun oibriú sa tseirbhís mar atá bainisteoir, 16 ball foirne fostaithe le hoibriú go díreach leis na páistí, ball foirne amháin ag obair sa chistin agus trí bhall foirne fostaithe mar ionadaithe. Ní bhíonn an soláthraí cláraithe sa tseirbhís go laethúil. Tá duine ainmnithe i gceannas agus duine eile le hionadaíocht a dhéanamh nuair a bhíonn siad as láthair.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhíníonn Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas soláthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh. Tugann an tAcht seo an t-údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair chigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí mhionscrúdú ar cháipéisíocht
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Bhí an chigireacht dírithe ar réimse an rialachais/ sláinte, leasa agus forbartha leanaí/ sábháilteachta. Féadfaidh an chigireacht díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndréachtfhormáid chuig an tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon torthaí. Nuair a shainaithnítear ceanglais reachtúla nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus cuirfidh sé cosc ar aon neamhchomhlíonadh tarlú arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomh Ceartaitheach agus um Ghníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. Sa chás go dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas maidir le géarú.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.


**Admhálacha**

Is mian leis an gcigire aitheantas a thabhairt do chomhoibriú an duine atá i gceannas, na foirne agus na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta.


## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a)go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*

*go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*

*(c)go bhfuil struchtúr bainistíochta soiléir sa tseirbhís ina sainaithnítear na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís, agus róil agus freagrachtaí sonracha gach fostaí agus oibrí neamhíoctha freisin.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-*

*(a)breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) (a) Bhí duine ainmnithe a bhí i gceannas agus bhí daoine ainmnithe ann le gníomhú ina ionad nó ina hionad i gcás é nó í gan bheith i láthair.

(b) Bhí duine i gceannas sceidealta le bheith ar an láthair le linn uaireanta oibriúcháin.

(c) Bhí struchtúr soiléir bainistíochta i bhfeidhm ag an tseirbhís agus bhí línte soiléir údaráis i measc na foirne. Soláthraíodh rialachas agus maoirsiú na seirbhíse ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

(2) Rinneadh athbhreithniú ar na comhaid grinnscrúdúcháin don 21 bhall foirne le linn na cigireachta seo agus fuarthas amach go raibh na nithe seo a leanas ag teacht le ceanglais an rialacháin.

(a) Bhí dhá mholadh dearbhaithe i scríbhinn ó iar-fhostóirí ar comhad do 20 ball foirne agus moladh amháin ó iar-fhostóir ar comhad do bhall foirne amháin. Glacadh le dara moladh ó fhoinse eile seachas iar-fhostóir do bhall foirne amháin.

(c) Fuarthas nochtuithe grinnfhiosrúcháin Garda i ndáil le gach ball foirne.
Léirigh an tseirbhís freisin gur comhlíonadh an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(d) Fuarthas grinnfhiosrúchán ó na póilíní idirnáisiúnta ón stát ábhartha do chúigear ball foirne ar theastaigh sé uathu.

(4) Bhí fianaise dhoiciméadach ar fáil a léirigh go raibh 17 ball foirne tar éis gradaim mhóir a bhaint amach i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ag Leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó cáilíocht a mheas an tAire a bheith comhionann. Bhí litreacha incháilitheachta le cleachtadh ar comhad do thriúr ball foirne.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 11 - Soláthar foirne** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó seirbhíse cúraim lae pháirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhreach tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| (1) Ar lá na cigireachta bhí go leor ball foirne ag obair go díreach leis na páistí réamhscoile a bhí ag freastal ar an tseirbhís.<br>(2) Coinníodh an cóimheas íosriachtanach idir daoine fásta agus leanaí i rith na cigireachta. Nuair a tháinig an cigire chuig an tseirbhís, bhí 29 páiste faoi chúram 10 mball foirne i dhá sheomra cúraim.<br>• Sa seomra naíolainne bhí seisear ball foirne ag tabhairt aire do 16 pháiste idir 1-3 bliana d'aois, agus iad ar fad ag freastal go lánaimseartha.<br>• Sa seomra naíonra, bhí ceathrar ball foirne ag tabhairt aire do 13 pháiste idir 3-5 bliana d'aois ag freastal ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha.<br>San iarnóin, bhí naonúr ball foirne ag tabhairt aire do 26 leanbh i ndhá sheomra cúraim. |

| Cuid IV – Faisnéis agus Taifid |
|---|
| **Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile** |
| *(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach a chinntiú go gcoimeádfar taifead i scríbhinn maidir le gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:*<br>*a ) ainm agus dáta breithe an linbh;*<br>*(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;*<br>*c ) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;* |

*(d) ainm agus seoladh tuismitheora no´ caomhno´ra leis an leanbh agus uimhir theileafo´in lenar fe´idir dul i dteagmha´il leis an tuismitheoir no´ leis an gcaomhno´ir sin no´ le gaol no´ le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibrıochta na seirbhıse;*

*(e)údarú chun an leanbh a bhailiu;*

*(f) mionsonraı´ aon bhreoiteachta, aon mhı´chumais, aon aille´irge no´ aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisne´is go le´ir is iomchuı´ maidir le cu´ram no´ aire speisialta a shola´thar;*

*(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;*

*(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;*

*(i)toiliú scríofa tuismitheora do chóireáil leighis chuí don leanbh i gcás éigeandála*

*(3) Beidh taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) nó (2) ar fáil lena iniúchadh ar an áitreabh ag—*

*(c) duine údaraithe.*

*(4) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh lena mbaineann sé de bheith ag freastal ar an tseirbhís.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) Athbhreithníodh sampla taifead de 21 páiste a bhí ag freastal ar an tseirbhís. Comhlánaíodh an fhaisnéis riachtanach go hiomlán do gach leanbh, lena n-áirítear an t-údarú chun an leanbh a bhailiú, sonraí faoi bhreoiteacht nó riachtanais speisialta an linbh agus teagmhálaí éigeandála.

(3) Bhí na taifid ar fáil i scríbhinn le haghaidh cigireachta.

(4) Dheimhnigh an duine i gceannas gur coinníodh na taifid don tréimhse riachtanach mar a leagtar amach sna rialacháin.

| Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile |
| --- |
| **Rialachán 21 – Trealamh agus ábhair** |
| *Áiritheoidh soláthraí cláraithe go bhfuil troscán, trealamh súgartha agus oibre agus ábhair leordhóthanacha agus oiriúnacha ar fáil ar áitreabh na seirbhíse réamhscoile.* |

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

Bhí na trí sheomra cúraim geal, fáilteach do pháistí. Bhí réimse ábhar súgartha cuí dá n-aois i ngach seomra do na páistí a bhí ag freastal agus iad socraithe i réimsí suime ar leith. Bhí na hacmhainní i ngach réimse inrochtana do pháistí ag leibhéal a súl ar sheilfeanna oscailte íseal. Bhí go leor suíocháin i ngach seomra trí chathaoireacha arda agus/nó boird ísle le cathaoireacha do pháistí chun ithe nó súgradh ar bharr boird. Bhí réimse fearais súgartha, ábhar agus acmhainní sa seomra naíolainne chun tacú le riachtanais foghlama agus forbartha na bpáistí níos óige. I measc na nithe spéisiúla bhí scáthán frithsheasmhach ar an mballa, mataí boga móra agus triantáin cúr le haghaidh súgartha ar an urlár, am boilg, rolladh agus lámhacán agus raon trealamh cobhsaí agus bréagáin bhrúite chun tacú leis an bpáiste atá ag tosú ag siúl.  Bhí rochtain ag páistí sa seomra naíonra ar dhá sheomra cúraim ar lá na cigireachta, ceann ar maidin agus an ceann eile san iarnóin. Bhí na hacmhainní cuí i ngach ceann de na seomraí cúraim do líon na bpáistí a bhí ag freastal agus dá raon aoise. Bhí limistéir mhóra stórála sa tseirbhís a raibh raon breise fearais súgartha iontu rud a chuir ar a gcumas rothlú bréagán a dhéanamh agus freastal ar spéiseanna ar leith.

Laistigh den trí sheomra bhí rochtain ag páistí ar bhréagáin thógála cosúil le bloic nascála agus clocha tógála, acmhainní ealaíne cruthaitheacha, míreanna le haghaidh súgartha láimhe, bréagáin domhan beaga agus cúraim linbh, ról agus súgradh samhlaithe agus ábhair súgartha spraíúla. Chuir raon míreanna cosúil le puzail, cláir bioráin agus sórtálaithe cruth ar chumas forbairt chognaíoch agus scileanna mótair mín na bpáistí.  Bhí córais cúinne baile/cistine, bréagáin feirme, boird mhaisiúcháin agus trealamh súgartha i réimsí suime ar leith i ngach seomra chun cineálacha éagsúla súgartha a éascú. Bhí boscaí stórála agus ciseáin le raon bréagán plaisteacha cúis agus toradh agus ábhair nádúrtha oscailte, bréagáin bhoga agus ábhair léitheoireachta do pháistí le fiosrú. Bhí tráidire gainimh agus uisce ar fáil chun súgradh céadfach a éascú. Bhí seomra céadfach ainmnithe ag an tseirbhís freisin a úsáideadh mar spás ciúin do pháistí chun scíth a ligean, suaimhneas a fháil agus a gcéadfaí a spreagadh. Bhí mataí boga urláir, puball dorcha agus soilsiú maisiúil ildaite sa seomra.

Bhí dhá pháirc súgartha lasmuigh sa tseirbhís. Bhí rochtain dhíreach ar cheann de na limistéir ó sheomra naíolainne agus bhí féar saorga mar dhromchla ag an spás seo. Bhí an spás seo daingnithe le fál adhmaid agus bhí raon fearas súgartha ann lena n-áirítear aonaid dreapadóireachta agus sleamhnáin ísealleibhéil, bréagáin marcaíochta, cistin súgartha, tráidire gainimh agus suíocháin adhmaid. Bhí an dara páirc súgartha lasmuigh daingnithe le fál teorann agus clúdaithe le tarmacadam, pábháil agus dromchla rubair. Thacaigh an limistéar seo le

raon gníomhaíochtaí amuigh faoin aer lena n-áirítear deiseanna le haghaidh súgradh fisiciúil, dreapadóireacht, tochailt, cluichí liathróide agus rothaíocht.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leanaí a chosaint

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

- Bhí doirse isteach na háise cúraim leanaí slánaithe chun cosc a chur ar pháistí imeacht gan mhaoirsiú agus chun rochtain ag daoine neamhúdaraithe ar an tseirbhís a chosc.
- Bhí doirse inmheánacha slánaithe chun cosc a chur ar pháistí dul isteach i limistéir nach raibh sábháilte agus bhí cófraí stórála ina raibh rudaí nó ábhair dainséarach curtha as rochtain na bpáistí agus slánaithe. Bhí táirgí glantacháin a úsáideadh sa tseirbhís stóráilte go daingean le go mbeadh siad dorochtana ag páistí réamhscoile.
- Rinneadh measúnuithe priacail ar na páirceanna súgartha lasmuigh go laethúil agus bhí siad cothrom le dáta. Ní raibh aon fhianaise ar aon guaiseacha sna limistéir laistigh ná lasmuigh, agus bhí na bréagáin agus an trealamh súgartha i riocht maith.
- Bhí cáblaí agus sreanga leictreacha i riocht maith agus curtha as rochtain na bpáistí.
- Bhí stríoca infheictheachta agus greamáin ar fhuinneoga ísle agus doirse gloine painéil.

**Rialú Ionfhabhtaithe:**

- Bhí na seomraí cúraim agus na háiseanna sláintíochta in aice leo glan agus sláintiúil. Bhí sceidil ghlantacháin cothrom le dáta ar fáil a leag amach na modhanna glantacháin cuí agus na limistéir éagsúla le glanadh sna seomraí agus sna háiseanna sláintíochta. Chonacthas baill foirne ag glanadh limistéir súgartha agus dromchlaí a bhaintear úsáid astu go minic tar éis úsáid na bpáistí agus roimh am itheacháin.
- Bhí gallúnach leachtach, uisce te agus tuáillí páipéir ar fáil sna háiseanna sláintíochta do pháistí chun cleachtais níocháin lámh a chur chun cinn. Chonacthas páistí ag ní a lámha go rialta lena n-áirítear tar éis dul chuig an leithreas agus tar éis dóibh teacht isteach ón súgradh amuigh faoin aer.
- Bhí na tochtanna i seomra codlata naíolainne i riocht maith agus clúdaithe le hábhar uiscedhíonach a d'fhéadfaí a ghlanadh go héasca idir úsáideoirí.
- Bhí na seomraí cúraim agus na háiseanna sláintíochta aeraithe go cuí trí fhuinneoga in-oscailte nó aerú meicniúil i gcás nach raibh fuinneog ar fáil.

- Comhlíonadh nósanna imeachta um rialú ionfhabhtaithe go héifeachtach le linn nósanna imeachta athraithe clúidíní.

**Cógais a Riaradh:**

- Athbhreithníodh taifid ar chógais a tugadh sa tseirbhís agus fuarthas go raibh an fhaisnéis riachtanach iontu. I gcomhrá le baill foirne, léiríodh go raibh an cleachtas a ndúradh é ag teacht le polasaí na seirbhíse.

**Codladh Slán:**

- Rinneadh seiceálacha fisiciúla gach 10 nóiméad nó níos lú agus taifeadadh iad ag baill foirne. Athbhreithníodh sampla de na taifid chodlata a coimeádadh i seomra naíolainne agus bhí sonraí ann maidir le ham an tseiceáil, an ball foirne a rinne an seiceáil, suíomh codlata gach páiste, aon athrú ar ghnáthdhath craicinn an pháiste, aon athrú ar ghnáthphatrún análaithe an pháiste agus teocht an tseomra codlata.
- Tomhaiseadh teocht an tseomra codlata agus fuarthas go raibh sí laistigh den raon cuí fad is a bhí na páistí ina gcodladh.
- Ní raibh aon fhianaise ar aon bhaol sa seomra codlata.

**Sábháilteacht Dóiteán:**

- Bhí bealaí éalaithe éigeandála saor ó bhacainní agus bhí cosáin aslonnaithe soiléir inaitheanta.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíontacht

**Rialú Ionfhabhtaithe:**

1. Bhí clúdach na toilg i seomra naíonra stróicthe ag nochtadh an cúr istigh nach bhféadfaí a ghlanadh go leordhóthanach.

## Gníomh curtha isteach ag an Soláthraí Cláraithe

**Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach**

**Rialú Ionfhabhtaithe:**

1. Baineadh an tolg stróicthe ó úsáid i seomra naíonra agus cuireadh tolg nua ina áit le clúdach in-nite, neamhscagach, oiriúnach do rialú ionfhabhtaithe. Cuireadh seiceáil laethúil ar gach troscán agus trealamh leis an ngnáthamh rialaithe ionfhabhtaithe. Bainfear aon mhír atá damáistithe nó nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh láithreach agus cuirfear in ionad í. Tá treoracha tugtha do bhaill foirne aon damáiste a thuairisciú chomh luath agus a aithnítear é chun gníomh pras a chinntiú.

**Doiciméid tacaíochta curtha isteach**

Níor cuireadh aon doiciméad isteach.

| Achomair |
|---|
| Glacadh leis an bhfreagra a chuir an soláthraí cláraithe isteach. Tá aghaidh tugtha go leordhóthanach ar an neamhchomhlíontacht. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 25 - Garchabhair** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhrach do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-*<br>*(a) á stóráil go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus*<br>*(b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| (1) Bhí duine cáilithe i gcúrsaí garchabhrach do pháistí ar fáil ar an láthair i gcónaí ar lá na cigireachta; bhí fianaise dhoiciméadach ar oiliúint suas chun dáta i ngarchabhair do pháistí ar comhad do 16 ball foirne.<br>(2) (a) Bhí boscaí garchabhrach stóráilte i suíomh a bhí furasta teacht air agus go soiléir infheicthe i ngach seomra cúraim.<br>(b) Bhí boscaí garchabhrach atá feistithe go cuí ar fáil le húsáid ag an bhfoireann más gá. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn-*<br>*(a) aon druil dóiteáin a bheidh ar siúl san áitreabh, agus*<br>*(b) líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| (1) (a) Doiciméadaíodh taifead scríofa ar dhruileanna dóiteáin a cuireadh i gcrích go míosúil sa tseirbhís.<br>(b) Coinníodh taifead ar líon, ar chineál agus ar chothabháil an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh. Seirbhísíodh / tástáladh an trealamh dóiteáin agus an córas aláraim dóiteáin i mí Dheireadh Fómhair 2024.<br>(4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint go feiceálach i ngach seomra. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go bhfuil árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| Bhí doiciméadú ar fáil a léirigh go raibh árachas leordhóthanach i bhfeidhm do líon na bpáistí a bhí ag freastal le dáta éaga i mí na Samhna 2025. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015DL098 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra Ghort a Choirce |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | An Scoil Bheag, Gort A Choirce, Leitir Ceanainn, Co. Donegal |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | F92 Y44Y |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Full Day, Part Time, Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date(s) of Inspection:** | 02/07/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 29 | PM | 26 |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Donegal Early Years Inspectorate,<br>St. Conal's Campus,<br>Letterkenny,<br>Co. Donegal.<br>F95 XK94 |
| **Inspection undertaken by:** | L Mc Glynn |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not applicable |

## Description of service

Naíonra Ghort a Choirce is located in the centre of the village of Gort a Choirce on the west coast of Donegal. The service provides full day, part time and sessional preschool care through the medium of Irish for children aged 1 to 6 years. The service operates between the hours of 7.45am and 6.00pm each weekday. There are two sessional preschool sessions in operation within the service. Naíonra one is registered to operate from 9.15am- 12.15pm and naíonra two is registered to operate from 9.30am -12.30pm during the school year. The service operates from a single-story purpose-built premises. There are three care rooms, namely the crèche room, naíonra one and naíonra two. Sanitary facilities for children are available adjacent to each room with nappy changing and sleep facilities adjacent to the crèche room to cater for the younger children. A designated kitchen, office, storage and adult sanitary accommodation is also on the premises. Children have access to two outdoor play areas on site.

## Staffing

There are 21 staff members employed to work in the service which includes a Manager, 16 staff members employed to work directly with the children, one staff member working in the kitchen and three staff employed on a relief capacity. The registered provider is not in the service on a daily basis. There is a named person in charge and a second person to deputise in their absence.

## Methodology

Tusla’s Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety. The inspection may also focus on other areas as required.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(c)there is a clear management structure in the service that identifies the lines of authority and accountability in the service and the specific roles and responsibilities of each employee and unpaid worker.*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(1) (a) The was a named person in charge and named persons to deputise in the event of their absence.

(b) There was a person in charge rostered to be on the premises during the hours of operation.

(c) The service had a clear management structure in operation with lines of the authority clear among the staff. Governance and oversight of the operation of the service was provided by Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

(2) The recruitment files of the 21 staff members were reviewed on this inspection and the following was deemed to meet the requirements of the regulation.

(a) (b) There were two written and validated past employer references on file for 20 staff members and one past employer reference for one staff member. A second reference from a source other than a past employer was accepted for one staff member.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for all staff.

The service also demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.

(d) International police vetting from the relevant state was available for five staff members who required it.

(4) Documentary evidence was available to demonstrate that 17 staff members had obtained a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent. There were letters of eligibility to practice on file for three staff members.

| Part III – Management and Staff |
| --- |
| **Regulation 11 - Staffing levels** |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br>*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.* |
| **Compliance Information** |
| (1) On the day of inspection there were an adequate number of staff members working directly with the preschool children attending the service.<br>(2) The minimum adult/child ratio was maintained throughout the inspection. On the inspector's arrival to the service, 29 children were being cared for by 10 staff members in two care rooms.<br>• In the crèche room six staff members were caring for 16 children aged 1-3 years, all attending on a full-time basis.<br>• In the naíonra room, four staff members were caring for 13 children aged 3-5 years attending on a part time or full day basis.<br>In the afternoon, 26 children were cared for by nine staff members in two care rooms. |

| Part IV – Information and Records |
| --- |
| **Regulation 15 – Record of pre-school child** |
| *(1) A registered provider of a pre-school service other than a pre-school service in a drop-in centre or a temporary pre-school service shall ensure that a record in writing is kept in respect of each pre-school child attending the service containing the following particulars:*<br>*(a) the name and date of birth of the child;*<br>*(b) the date on which the child first attended the service;*<br>*(c) the date on which the child ceased to attend the service;*<br>*(d) the name and address of a parent or guardian of the child and a telephone number where that parent or guardian or a relative or friend of the child can be contacted during the hours of operation of the service;*<br>*(e) authorisation for the collection of the child;* |

*(f) details of any illness, disability, allergy or special need of the child, together with all the information relevant to the provision of special care or attention;*

*(g) the name and telephone number of the child's registered medical practitioner;*

*(h) record of immunisations, if any, received by the child;*

*(i) written parental consent for appropriate medical treatment of the child in the event of an emergency.*

*(3) A record in writing referred to in paragraph (1) or (2) shall be open to inspection on the premises by-*

*(c) an authorised person.*

*(4) A registered provider shall ensure that a record in writing referred to in paragraph (1) is retained for a period of 2 years from the date on which the child to whom it relates ceases to attend the service.*

**Compliance Information**

(1) (a) to (i) A sample record of 21 children attending the service was reviewed. The required information including the authorisation to collect the child, details of illness or special needs of the child and emergency contact were fully competed for each child.

(3) (c) The records were available in writing for inspection.

(4) The person in charge confirmed that the records were retained for the required period as set out in the regulations.

**Part V - Care of Child in Pre-school Service**

**Regulation 21 – Equipment and materials**

*A registered provider shall ensure that there is adequate and suitable furniture, play and work equipment and materials available on the premises of the pre-school service.*

**Compliance Information**

The three care rooms were bright, welcoming spaces for children. Each room contained a range of age-appropriate play materials for the children attending which were arranged into specific interest areas. Resources within each area were accessible at children's height on low level open shelving. There was adequate seating in each room by way of highchairs and/or low-level tables and chairs for children to eat at or engage in table top play. The crèche room contained a range of play equipment, materials and resources to support the learning and development needs of younger children. Items of interest included a wall mounted shatter proof mirror, large soft mats and foam wedges for floor play, tummy time, rolling and crawling and a range of stable props and push along toys to support the learner walker. Children in the naíonra room had access to two care rooms on the day of

inspection, one in the morning and the other in the afternoon. Both care rooms were equipped with adequate resources for the number of children attending and their age range. There were large storage areas in the service containing a range of additional play equipment to allow for toy rotation and specific interests.

Within the three rooms children had access to construction toys such as connecting blocks and bricks, creative art resources, manipulative play items, small world and baby care toys, role and pretend play and messy play materials. A range of jigsaws, peg boards and shape sorters provided for children's cognitive development and fine motor skills. Kitchen/home corners, farm toys, vanity tables and play sets were within the specific interest areas in each room to facilitate the different types of play. There were storage boxes and baskets with a range of both plastic cause and effect toys and natural open-ended materials, soft toys and reading materials for children to explore. Sand and water trays were available to facilitate sensory play. The service also had a designated sensory room which was used as a quiet space for children to rest, relax and engage their senses. The room contained soft floor mats, a black out tent and colourful ambient lighting.

There were two outdoor play areas in the service. One of the areas was directly accessible from the crèche room and was covered in artificial grass ground surfacing. This space was secured with wooden fencing and contained a range of play items including low level climb and slide units, ride on toys, a play kitchen, sand table and wooden seating. The second outdoor play area was secured by a boundary fence and covered in tarmacadam, paving and wet pour ground surfacing. The area supported a range of outdoor activities including opportunities for engaging in physical play, climbing, digging, ball games and cycling.

## Part VI - Safety

**Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child**

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

- The entrance doors leading into the childcare facility were secured so as to prevent children from exiting unsupervised and to restrict unauthorised persons from gaining access to the service.
- Internal doors were secured to prevent children accessing unsafe areas and store cupboards containing hazardous objects and materials were secured and out of children's reach. Cleaning products used in the service were securely stored so as to be inaccessible to the pre-school children.

- Risk assessments on outdoor play areas were completed daily and noted to be maintained up to date. There was no evidence of hazards in the indoor or outdoor areas, toys and play equipment appeared in good repair.
- Electrical flexes and cables were in good condition and out of children's reach.
- There were visibility strips and stickers on low level windows and glass panelled doors.

**Infection Control:**

- The care rooms and adjoining sanitary facilities were in a clean and hygienic condition. Up to date cleaning schedules outlining appropriate cleaning methods and the various areas to be cleaned within the rooms and sanitary accommodation were available. Staff members were observed cleaning play areas and frequently touched surfaces after children's use and prior to eating.
- Liquid soap, warm water and paper towels were available in the children's sanitary accommodation to support hand washing practices. Children were observed washing their hands at regular intervals including after toileting and on return from outdoor play.
- The cot mattresses used in the creche sleep room were in good condition and covered in a waterproof material which was easily cleaned between use.
- The care rooms and sanitary accommodation was adequately ventilated by way of openable windows or mechanical ventilation in cases where no window was available.
- Nappy changing procedures were observed to adhere to effective infection control procedures.

**Administration of Medication:**

- Records of medication administered in the service were reviewed and noted to contain the required information. In conversation with staff, it was noted that the practice described was in adherence with the service policy.

**Safe Sleep:**

- Physical checks at intervals no more than 10 minutes apart were carried out and documented by staff. A sample of the sleep records maintained in the creche room was reviewed on inspection and these included details of the time of the check, the staff member who carried out the check, the sleep position of each child, any change in the child's normal skin colour, any change in the child's normal breathing pattern and the sleep room temperature.
- The temperature in the sleep room was measured on inspection and noted to be maintained within the appropriate range while children slept.
- There was no evidence of hazards in the sleep room.

**Fire Safety:**

- Emergency exits were free from obstruction and evacuation routes were clearly identifiable.

## Non-Compliance Information

**Infection Control:**

1. The covering on the couches in the naionra room were torn exposing the inner foam which could not be adequately cleaned.

## Action submitted by the Registered Provider

**Corrective & Preventive Action**

**Infection Control:**

1. The torn couch in the Naíonra room has been removed from use and replaced with new couch with wipeable, non-porous coverings, suitable for infection control. A daily check of all furniture and equipment has been added to our infection control routine. Any item that is damaged or no longer fit for purpose will be removed immediately and replaced. Staff have been instructed to report any damage as soon as it is identified to ensure prompt action.

**Supporting documentation submitted**

No documentation submitted.

## Summary Comment

The response submitted by the registered provider has been accepted. The non-compliance has been adequately addressed.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) A person qualified in first aid for children was available on the premises at all times on the day of inspection; there was documentary evidence of up-to-date training in first aid for children available on file for 16 staff members.<br>(2) (a) First aid boxes were stored in an easily accessible and conspicuous position within each care room.<br>(b) Suitably equipped first aid boxes were available for use by the staff if required. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1) (a) A written record of fire drills was documented as having taken place monthly in the service.<br>(b) A record was kept of the number, type and maintenance of the firefighting equipment and smoke alarms. The firefighting equipment and the fire alarm system was serviced/tested in October 2024.<br>(4) A notice of the procedures to be followed in the event of a fire was prominently displayed in each room. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| Documentation was available to demonstrate that adequate insurance was in place for the number of children attending with an expiry date in November 2025. |